2023.S39T

2023J052C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2023

# Eacnamaíocht Bhaile

## Comhleibhéal

Dé Céadaoin 14 Meitheamh    Maidin 9:30 - 11:00

320 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | 80 marc | 10 gceist |
| Roinn B | 240 marc | 3 cheist |

Freagair gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh graf, sceitsí agus léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán scrúdaithe seo.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá spás breise ar fáil i gcúl an leabhráin scrúdaithe seo. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ní mór duit an leabhrán scrúdaithe seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.


**Admhálacha**

**Íomhánna**

Íomhá ar leathanach 3: pixabay.com
Íomhánna ar leathanach 4: workflowmax.com; clipartkey.com
Íomhánna ar leathanach 5: craftsy.com; guaranteedirish.ie
Íomhá ar leathanach 6: stem.org.uk
Íomhá ar leathanach 7: sunnydayfamily.com
Íomhá ar leathanach 8: clipart-library.com
Íomhánna ar leathanach 9: letiketa.com
Íomhá ar leathanach 10: microsoft word icon
Íomhá ar leathanach 11: shutterstock.com 1426361924
Íomhá ar leathanach 12: clipart-library.com
Íomhánna ar leathanach 14: freepik.com
Íomhánna ar leathanach 15: bbc.co.uk; odlums.ie
Íomhánna ar leathanach 16: clipart-library.com
Íomhá ar leathanach 17: clipart-library.com
Íomhánna ar leathanach 18: clipart-library.com; microsoft word icon

| Roinn A | 80 marc |
|---|---|

Freagair gach ceist.

**Ceist 1**

I gcás gach ceann de na miasa liostaithe thíos, sainaithin bealach difriúil chun í a ghairnisiú nó a mhaisiú.

| Mias | Gairnisiú/Maisiú |
|---|---|
| Smúdaí (Caoineog) torthaí | |
| Anraith glasraí | |
| Pióg éisc | |
| Donnóga seacláide | |

**Ceist 2**


Tá gearrthóg físe ghairid á déanamh agat ar a dtugtar '*Príomhleideanna le haghaidh sábháilteacht dóiteáin sa teach*.'



Déan cur síos ar **trí** threoirlíne i dtaca le sábháilteacht dóiteáin a bheadh san áireamh sa bhfíseán.

| |
|---|
| **1**. |
| |
| |
| **2**. |
| |
| |
| **3**. |
| |
| |

**Ceist 3**




Mínigh na téarmaí seo a leanas:

| |
|---|
| **Caiteachas riachtanach** |
| |
| |
| |
| |
| **Glanioncam** |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4**



Déan cur síos ar shampla **amháin** de mhodh ina bhfhéadfadh déagóir rogha eiticiúil a dhéanamh agus éadaí á gceannach aige/aici.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5**



Is féidir pócaí a fhuáil ar earraí teicstíle ag baint úsáid as inneall fuála.

**(i)** Sainaithin an greim a thaispeántar.

**(ii)** Déan cur síos ar úsáid eile don ghreim seo.

**Ceist 6**

Is furasta an tsiombail seo do dhéantús Éireannach faoi ráthaíocht a aithint.

Mínigh conas a chuidíonn tú leis an inbhuanaitheacht a chur chun cinn má cheannaíonn tú táirgí leis an tsiombail seo orthu.

**Ceist 7**

'Tá 80% de ghalar croí inchoiscthe.' (*layahealthcare.ie*)


Mol **trí** threoirlíne le leanúint chun cosc a chur ar ghalar corónach croí.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| **3.** |
| |
| |

**Ceist 8**

Bain úsáid as na focail liostaithe thíos agus lipéadaigh na páirteanna den chóras díleá a thaispeántar.

**Éasafagas** **Stéig bheag** **Goile** **Stéig mhór**



**Ceist 9**

Cuir in iúl le tic (✓) cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| **Cothú** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Cuidíonn Vitimín D le cailciam a ionsú | | |
| Is foinse mhaith snáithín chothaithigh í feoil | | |
| Cuidíonn Vitimín C le cosc a chur ar dhaille oíche | | |

**Ceist 10**



Déan cur síos ar fhreagracht **amháin** ar gach ball de na baill teaghlaigh seo a leanas.

| **Freagracht tuismitheora** |
|---|
| |
| |
| |
| **Freagracht déagóra** |
| |
| |
| |

| Roinn B | 240 marc |
|---|---|

Freagair gach ceist.



**Ceist 11**

Tá an chistin á hathdhearadh ag Muintir Mhuilleora.


**(a)** Déan cur síos ar **cheithre** threoirlíne eile, maidir le seomra a phleanáil, is cóir do Mhuintir Mhuilleora a chur san áireamh agus an chistin á pleanáil acu.


| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| **3.** |
| |
| |
| **4.** |
| |
| |

**(b)** **(i)** Pléigh **dhá** cheart atá ag tomhaltóirí agus fearais leictreacha á gceannach acu don bhaile.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |

Lorgaíonn Muintir Mhuilleora do chabhair le cuisneoir nua a cheannach.




Ag baint úsáid as an eolas atá curtha ar fáil ar na lipéid a thaispeántar thuas:

**(b)** **(ii)** Mol ceann **amháin** de na cuisneoirí do Mhuintir Mhuilleora.

**(iii)** Cosain **dhá** chúis le do rogha.

**1.**

**2.**

**(c)** Déan cur síos ar **thrí** treoirlíne a leanfá chun fuinneamh a spáráil agus an cuisneoir á úsáid agat.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| **3.** |
| |
| |

**(d)** **(i)** Ainmnigh modh íocaíochta **amháin** agus gléasanna leictreacha á gceannach agat.



| |
|---|
| |

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an modh íocaíochta atá ainmnithe agat.

| |
|---|
| **Buntáiste** |
| |
| |
| |
| **Míbhuntáiste** |
| |
| |
| |

**(e)** Tugann na Muilleoirí cuireadh dá dteaghlach sínte teacht chun béile a chaitheamh sa chistin nua.

**(i)** Mínigh an téarma 'teaghlach sínte'.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |




**(ii)** Déan measúnú ar **dhá** thairbhe a ghabhann le cumarsáid éifeachtach idir baill teaghlaigh.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| |

**Ceist 12**

Díoltar craicir i gceaintín na scoile. Taispeántar an lipéad bia do na craicir thíos.




**Meáchan glan e200g**

**Treoracha Stórála**

Stóráil in áit fhionnuar agus tirim ar shiúl ó sholas na gréine. Agus iad oscailte coimeád i gcoimeádán aer-obach iad.

**Eolas Cothaitheach**

| **Luachanna Tipiciúla** | **In aghaidh gach 100g** | **In aghaidh gach craicir (tuairim is 8g)** |
|---|---|---|
| Fuinneamh (kcal) | 433 kcal | 35 kcal |
| Saill (g) | 15 g | 1.2 g |
| ar saill sháithithe iad (g) | 8 g | 0.6 g |
| Carbaihiodráití (g) | 64 g | 5.1 g |
| ar siúcraí iad (g) | 1.1 g | 0.09 g |
| Snáithín (g) | 3.1 g | 0.2 g |
| Próitéin (g) | 9.5 g | 0.8 g |
| Salann (g) | 1.1 g | 0.09 g |

**Comhábhair**

Plúr Cruithneachta, Saill Phlandúil, Salann, Giosta, Oibreán Ardaithe.

**Ailléirginí**

Cruithneacht, ullmhaithe in áit ina bpróiseáltar cnónna.

Oiriúnach veigeatóirí.

**(a)** **(i)** Mínigh na téarmaí seo ar an lipéad a thaispeántar thuas:


| **Ailléirginí** |
|---|
| |
| |
| |

| **Meáchan glan** |
|---|
| |
| |
| |

**(a)** **(ii)** Ag baint úsáid as an eolas ar an lipéad déan luacháil ar an luach cothaitheach atá ag na craicir. Bíodh **ceithre** phointe eolais san áireamh i do fhreagra.

**(b)** Caitheann baill foirne cheaintín na scoile naprúin mar chuid dá gculaith.

Mínigh cén t-eolas a chuireann na siombailí cúraim teicstíle seo a leanas in iúl don tomhaltóir.

| **Siombaill** | |
|---|---|
|  | |
|   | |

**(c)** Tá sé den riachtanas go mbainfí úsáid shábháilte as fearas sa bhaile.

**(i)** Déan cur síos ar **dhá** threoirlíne shábháilteachta is gá a leanúint agus fearais leictreacha á n-úsáid chun bia a ullmhú.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |

**(ii)** Déan measúnú ar a bhfuil déanta ag an teicneolaíocht chun leasa do phleanáil agus d’ullmhú bia.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| **3.** |
| |
| |


**(d)** **(i)** Déan cur síos ar mhionathrú **amháin** a dhéanfá ar gach ceann de na miasa a thaispeántar thíos ionas go gcomhlíonfaí na treoirlínte itheacháin sláintiúla reatha.

**(ii)** Mínigh an chúis leis an mionathrú a rinne tú.

| |
|---|
| **Mias:** Pancóga agus anlann seacláide  |
| **Mionathrú** |
| |
| |
| **Mínigh** |
| |
| |
| |
| |

| |
|---|
| **Mias:** Rollóga ispíní  |
| **Mionathrú** |
| |
| |
| **Mínigh** |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 13**



Tá tú féin agus do chairde ag dul ag siúl ar na cnoic.




**(a)** **(i)** Pléigh **trí** bhuntáiste shláintiúla a bhaineann le haclaíocht rialta do dhéagóirí.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| **3.** |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** shlí éagsúla inar féidir airgead a shábháil agus duine ag siopadóireacht do bhia le haghaidh siúlóid chnoic.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| **2.** |
| |
| **3.** |
| |
| **4.** |
| |

**(b)** **(i)** Déan lón pacáilte sláintiúil a phleanáil a bheadh oiriúnach do dhéagóir atá ag dul ag siúl ar na cnoic.




**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** threoirlíne maidir le béilí a phleanáil a lean tú agus an lón pacáilte don déagóir á phleanáil agat.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| **3.** |
| |
| |

**(c)** Bhris strapa do mhála nua nuair a bhí tú ag siúl.



Pléigh **dhá** chineál cúitimh atá dlite duit nuair a thugann tú an mála ar ais go dtí an siopa inar cheannaigh tú é.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| |

**(d)** Shocraigh tú barréide a uaschúrsáil le caitheamh agus tú ag dul ag siúl ar na cnoic.



**(i)** Mínigh **trí** ghné atá le cur san áireamh agus uaschúrsáil á déanamh agat.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| **3.** |
| |
| |

**(d)** **(ii)** Sceitseáil, lipéadaigh agus déan cur síos ar an mbarréide a rinne tú a uaschúrsáil. Bíodh tagairt agat don dath/do na dathanna agus do na greamanna i do fhreagra.

| **Sceitse** |
|---|
| |

| **Cur síos** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás breise i gcomhair **Roinn B**.

Lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Eacnamaíocht Bhaile

Dé Céadaoin 14 Meitheamh

Maidin 9:30 - 11:00